Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2021
(OR. en)

8555/21

LIMITE

CORLX 254
CFSP/PESC 461
COTER 59
CODUN 19
CONUN 71
COARM 88

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur |

**CINNEADH (CBES) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1939
maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1939[1].

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2018/1939 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) An 6 Aibreán agus an 16 Aibreán 2021, d'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta 2021, agus Oifig na Náisiún Aontaithe um an bhFrithsceimhlitheoireacht, ina n-inniúlacht faoi seach mar ghníomhaireachtaí cur chun feidhme, údarú an Aontais chun síneadh a chur le cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/1939 go dtí an 30 Samhain 2022 mar gheall ar dhúshláin a eascraíonn as géarchéim paindéim COVID-19.

(4) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/1939 gan aon impleacht ó thaobh acmhainní airgeadais de go dtí an 30 Samhain 2022.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2018/1939 a leasú dá réir dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (CBES) 2018/1939 ón gComhairle an 10 Nollaig 2018 maidir le tacaíocht ón Aontas ar mhaithe le huiliú agus cur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur (IO L 314, 11.12.2018, lch. 41).

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2018/1939:

*'Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag an 30 Samhain 2022.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*